



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

16014/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0419(NLE)**

**FISC 274
ECOFIN 1286
N 107**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	24 Samhain 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 736 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an leasaithe ar an gComhaontú, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 736 final.

Faoi iamh: COM(2023) 736 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.11.2023
COM(2023) 736 final

2023/0419 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt i gcrích an leasaithe ar an gComhaontú, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Baineann an togra seo le tabhairt i gcrích leasaithe ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua ('an Iorua') maidir le comhar riaracháin, an comhrac in aghaidh na calaoise agus éilimh a aisghabháil i réimse na cánach breisluacha¹ ('an Comhaontú').

Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2018. Leis an gComhaontú, ceadáítear do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus don Iorua comhoibriú ar an gcaoi chéanna agus a chomhoibriú na Ballstáit faoi Rialachán (AE) Uimh. 904/2010² ón gComhairle agus faoi Threoir 2010/24/AE³ ón gComhairle chun calaois CBL a chomhrac, agus chun cabhrú le chéile éilimh a aisghabháil i réimse CBL.

Idir an dá linn, áfach, rinneadh roinnt leasuithe ar Rialachán (AE) 904/2010 ón gComhairle agus tugadh isteach uirlisí nua le haghaidh comhar riaracháin, eadhon trí Rialachán leasaitheach (AE) 2018/1541 ón gComhairle⁴. I measc na n-uirlisí nua tá:

- feabhas a chur ar líonra Eurofisc trí rialachas treisithe, na bearta leantacha mar a thugtar orthu (comhphróiseáil agus anailís sonraí) agus fiosrúcháin riaracháin a dhéantar go comhpháirteach (iniúchtaí comhpháirteacha);
- oibriú le húdaráis forfheidhmithe dlí eile de chuid an Aontais (Europol, OLAF);
- faisnéis bhunriachtanach a roinnt maidir le hallmhairí agus feithiclí.

Tugadh isteach freisin an fhéidearthacht modhanna eile a úsáid chun faisnéis a mhalartú seachas na foirmeacha caighdeánacha.

Leagtar síos in Airteagal 41(5) den Chomhaontú na foirmiúlachtaí más mian le Páirtí sa Chomhaontú é a athbhreithniú. Mar sin, cuirfidh an Páirtí sin togra faoi bhráid an Chomhchoiste, a dhéanfaidh moltaí, go háirithe maidir le tús a chur le caibidlíocht de réir na rialacha maidir le caibidlíochtaí idirnáisiúnta na bPáirtithe.

Le linn an dara cruinniú den Chomhchoiste idir an tAontas Eorpach agus an Iorua an 25 Samhain 2021, Comhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 41(1) den Chomhaontú, thíolaic Ríocht na hIorua iarraidh oifigiúil chun an Comhaontú a fhorlíonadh agus a leasú chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- na huirlisí comhair riaracháin a tugadh isteach le déanaí a chur san áireamh (modhanna eile a úsáid chun faisnéis a mhalartú seachas na foirmeacha caighdeánacha, na fiosrúcháin riaracháin a dhéantar go comhpháirteach agus na gníomhaíochtaí leantacha faoi chuimsiú Eurofisc).

¹ Tháinig Comhaontú i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2018 idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua i leith comhar riaracháin, chomhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na Cánach Breisluacha (IO L 195, 1.8.2018, lgh. 3–22).

² Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise i réimse CBL (IO L 268, 12.10.2010, lch. 1)

³ Treoir 2010/24/AE ón gComhairle an 16 Márta 2010 maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a ghnóthú (IO L 84, 31.3.2010, lch. 1).

⁴ Rialachán (AE) 2018/1541 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 agus (AE) 2017/2454 a mhéid a bhaineann le bearta chun comhar riaracháin i réimse na cánach breisluacha a neartú (IO L 259/1, 16.10.2018, lgh. 1-11)

- an tagairt do Threoir aisghairthe 95/46/CE a dhéantar i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin⁵ a thabhairt cothrom le dáta agus go háirithe, tagairt a chur isteach d'fhorálacha chomhaontú⁶ an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch atá coibhéiseach le Rialachán (AE) 2016/679.

Go dtí seo, ghlac an Iorua páirt ghníomhach sa chuid is mó de réimsí oibre Eurofisc. Le linn 2020 agus 2021, chuir an Iorua na Ballstáit ar an eolas faoi chalaois agus faoi chaillteanas CBL dar luach EUR 5 billiún a d'fhéadfadh a bheith i réimse an chreidmheasa carbóin.

Leis an leasú ar an gComhaontú trí na huirlisí nua thuasluaite a chur san áireamh, d'fhéadfadh comhar níos fearr a bheith ann agus chuirfí feabhas ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise, rud a thabharfadh breisluach don dá pháirtí sa Chomhaontú (an Iorua agus na Ballstáit).

An 17 Meitheamh⁷, glacadh cinneadh ón gComhairle lena n-údaraitear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht na hIorua chun leasú a dhéanamh ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha.

An moladh ón gComhchoiste tús a chur leis an gcaibidlíocht, i gcomhréir le hAirteagal 41(5) den Chomhaontú (malartú litreacha), glacadh é trí nós imeachta i scríbhinn i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Tionóladh babhta caibidlíochta an 18 Samhain 2022 agus thángthas ar chomhaontú an 27 Meitheamh 2023.

Cuirtear an Chomhairle ar an eolas i gcónaí faoin dul chun cinn a rinneadh sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach agus sa Mheitheal Ardleibhéil.

Measann an Coimisiún gur gnóthaíodh na cuspóirí a shocraigh an Chomhairle ina teoracha caibidlíochta, agus measann sé go bhfuil an téacs a caibidlíodh inghlactha don Aontas.

Rinneadh an leasú ar an gComhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha, an XXX.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Rinneadh leasú an Chomhaontaithe a chaibidliú i gcomhréir leis na teoracha cuimsitheacha caibidlíochta a ghlac an Chomhairle an 17 Meitheamh 2022.

Ceann de na gníomhaíochtaí a fógraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach in 2020 maidir le Cánachas Cothrom agus Simplí lena dtacaítear leis an téarnamh is ea feabhas a chur ar an gcomhar riaracháin CBL le tríú tíortha⁸.

⁵ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88).

⁶ <https://www.efta.int/eea/eea-agreement>

⁷ Cinneadh (AE) 2022/1311 ón gComhairle, an 17 Meitheamh lena n-údaraitear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht na hIorua chun leasú a dhéanamh ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha (IO L 198, 27.7.2022, lgh. 14–15).

⁸ Gníomhaíocht 14, COM/2020/312 final

Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go gcumhdófaí leis an leasú uirlisí comhair atá i bhfeidhm cheana féin agus a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm bunaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010.

Dá bhrí sin, tá an tionscnamh seo i gcomhréir le beartas reatha an Choimisiúin i réimse CBL agus, leis an tionscnamh seo, dhéanfaí comhar na mBallstát leis an Iorua a chomhchuibhiú le acquis an Aontais.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• An bunús dlí

Cuirtear an togra seo faoi bhráid na Comhairle de bhun Airteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Foráiltear le hAirteagal 3(2) CFAE go mbeidh, mar aon leis na réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas a liostaítear in Airteagal 3(1) CFAE, ‘inniúlacht eisiach freisin ag an Aontas comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích nuair a fhorálfar dá thabhairt i gcrích i ngníomh reachtach de chuid an Aontais, nó nuair atá sé riachtanach chun a chumasú don Aontas a inniúlacht inmheánach a fheidhmiú, nó a mhéid ar dóigh dá thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do na comhrialacha nó a raon feidhme a athrú’.

Faoi chásdlí comhsheasmhach na Cúirte Breithiúnais, d’fhéadfadh comhaontú difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó a raon feidhme a athrú i gcás ina gcumhdaítear réimsí ina bhfuil bearta comhchuibhithe leis.⁹

Maidir le hábhar an athbhreithnithe ar an gComhaontú, i.e. na huirlisí comhair riaracháin nua a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2018/1541 ón gComhairle a chumhdach, tagann sé faoi inniúlacht eisiach an Aontais. D’fhéadfaí an nuashonrú ar na tagairtí do Threoir 95/46/CE a dhéantar i Rialachán (AE) 2016/679 a dhéanamh faoi chuimsiú an Chomhchoiste de bhun Airteagal 41(2)(k) den Chomhaontú. Mar sin féin, is féidir an nuashonrú sin a áireamh freisin tráth a chuirfear tús leis an gcaibidlíocht arís maidir le téacs an Chomhaontaithe.

I gcomhréir leis na Conarthaí, is é an Coimisiún a dhéanann togra chun comhaontú de chuid an Aontais a thabhairt i gcrích.

• Comhréireacht

Leis na hionstraimí comhair atá le cuimsiú sa leasú ar an gComhaontú, urramófar prionsabal na comhréireachta agus ní rachaidh siad thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach maidir le creat comhchoiteann a sholáthar le haghaidh comhar riaracháin idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua i réimse CBL. Leis an leasú sin ar an gComhaontú, cuirfear ar a gcumas d’údaráis na mBallstát atá freagrach as reachtaíocht CBL a chur i bhfeidhm comhoibriú le húdaráis chánach na hIorua ar an gcaoi chéanna agus a chomhoibríonn siad eatarthu féin san Aontas agus ar chaoi atá bunaithe ar acquis an Aontais.

3. TORTHAÍ Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

• Measúnú tionchair

De réir uirlis 7 den Bhosca uirlisí um Rialáil Níos Fearr¹⁰, níl gá le measúnú tionchair i gcás nach féidir an tionchar a shainaithint go soiléir ex-ante, i gcás nach bhfuil ach tionchar beag ann nó i gcás nach bhfuil mórán rogha nó aon rogha ag an gCoimisiún ar an ábhar sin.

⁹ Tuairim 3/15 ón gCúirt, ECLI:EU:C:2017:114, mír 118 agus an cásdlí a luaitear ann.

Is é is aidhm don leasú ailíniú a dhéanamh, a mhéid is féidir, le reachtaíocht an Aontais i réimse an chomhair riaracháin CBL agus na cosanta sonraí leis an gComhaontú atá i bhfeidhm cheana idir an tAontas agus an Iorua maidir le comhar CBL. Sa chleachtas, ní bheidh mar thoradh ar an Togra atá beartaithe aon ghníomh nua dlí, ach leasú ar an gComhaontú idir an tAontas agus an Iorua.

- **Ceartha bunúsacha**

Urramófar sa Chomhaontú atá beartaithe príomhluachanna an Aontais Eorpaigh mar a bhunaítear iad in Airteagal 2 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an togra maidir le buiséad an Aontais Eorpaigh.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis na leasuithe atá beartaithe, cuirfear uirlisí nua comhair ar fáil do na Ballstáit, a mhéid is féidir agus a mhéid is gá, leis an Iorua, agus iad comhchosúil leis na cinn a tugadh isteach i Rialachán 904/2010 le Rialachán (AE) 2018/1541 díreach tar éis shíniú agus thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas agus an Iorua. Ina theannta sin, leis an leasú, nuashonraítear an tagairt do Threoir aisghairthe 95/46/CE agus tagairt á déanamh do na rialacha náisiúnta a glacadh de bhun phointe 5e d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE agus de bhun Rialachán (AE) 2016/679 maidir le sonraí pearsanta a chosaint. Thairis sin, soiléiríodh nach dtéitear i gcomhairle leis an gComhchoiste maidir le díospóidí i réimse na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta dá dtagraítear faoi phointe 5e d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE.

Go háirithe, cumhdaítear an méid seo a leanas leis an leasú:

1. Fiosrúcháin riaracháin a dhéantar go comhpháirteach (ar a dtugtar Iniúchtaí Comhpháirteacha):

Le hAirteagal 13(2)a, thabharfaí isteach na deiseanna maidir le fiosrúcháin riaracháin a dhéanfaí go comhpháirteach — faoi mar a fhoráiltear cheana maidir le comhar idir na Ballstáit de bhun Airteagal 28 (2a) de Rialachán (AE) 904/2010. Leis an Airteagal seo, cheadófaí d'oifigigh arna n-údarú ag údaráis inniúla Stáit amháin a bheith i láthair le linn fiosrúcháin riaracháin arna ndéanamh ag oifigigh Stáit eile agus a bheith rannpháirteach i bhfiosrúcháin riaracháin arna ndéanamh go comhpháirteach.

2. Eurofisc — Gníomhaíochtaí leantacha

Le hAirteagal 15(1)a, d'fhéadfaí na gníomhaíochtaí leantacha a dhéanamh — mar is féidir cheana féin i measc na mBallstát de bhun Airteagal 33(2)(d) de Rialachán (AE) 904/2010 — faoi chuimsiú Eurofisc le rannpháirtíocht na hIorua. Faoi chuimsiú Eurofisc, bheadh na Ballstáit agus an Iorua in ann comhordú a dhéanamh ar fhiosrúcháin riaracháin na stát rannpháirteach maidir le calaois arna sainaithint ag oifigigh idirchaidrimh Eurofisc.

¹⁰ https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/br_toolbox-nov_2021_en_0.pdf

3. Nuashonrú ar an tagairt dhlíthiúil do Threoir 95/46/CE

Ós rud é go ndearnadh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679 a thrasúí maille le coigeartú i gComhaontú LEE, leis na leasuithe atá beartaithe ar Airteagal 6 cuirtear tagairt do Rialachán (AE) 2016/679 agus do phointe 5e d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE in ionad na tagartha do Threoir 95/46/CE.

Ar deireadh, toisc go n-áireofaí in Airteagal 6 atá beartaithe tagairt do phointe 5e d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE, ba ghá Airteagal 42 den Chomhaontú a leasú chun a shoiléiriú nach bhfuil an Comhchoiste inniúil le haghaidh díospóidí ginearálta maidir le cosaint sonraí.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt i gcrích an leasaithe ar an gComhaontú, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (b), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá toradh an-dearfach léirithe cheana féin sa chreat comhair faoin gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, calaois a chomhrac agus éilimh a aisghabháil i réimse na cánach breisluacha² ('an Comhaontú');
- (2) Tugadh isteach uirlisí nua le haghaidh comhair i reachtaíocht an Aontais agus leasíodh Rialachán (AE) 904/2010 ón gComhairle le Rialachán (AE) 2018/1541³ ón gComhairle;
- (3) Dá bhrí sin, ní mór an Comhaontú a leasú chun uirlisí comhair nua leis an Iorua a chur ar fáil do na Ballstáit;
- (4) Is léiriú cuí é téacs an leasaithe ar an gComhaontú, atá mar thoradh ar an gcaibidlíocht, ar na teoracha caibidlíochta a d'eisigh an Chomhairle.
- (5) I gcomhréir le Cinneadh (AE) XXXX ón gComhairle ⁽⁴⁾, síníodh an leasú ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha ('an Comhaontú') an xxxx [faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí]. Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i

¹ Tuairim an XXX (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

² Tháinig Comhaontú i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2018 idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua i leith comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na Cánach Breisluacha (IO L 195, 1.8.2018, lgh. 3–22).

³ Rialachán (AE) 2018/1541 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 agus (AE) 2017/2454 a mhéid a bhaineann le bearta chun comhar riaracháin i réimse na cánach breisluacha a neartú (IO L 259/1, 16.10.2018, lgh. 1-11)

⁴ Cinneadh (AE) xxxx ón gComhairle maidir le siniú an leasaithe ar an gComhaontú, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha (IO L xxxx)

gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵.

(6) Ba cheart an Comhaontú a fhorghnóthú thar ceann an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an leasú ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha, a fhorghnóthú thar ceann an Aontais,

Tá téacs na leasuithe ar an gComhaontú i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine a chumhachtófar, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 44(4) den Chomhaontú a thabhairt a chur, chun toiliú an Aontais le bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

⁵ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lgh. 39-98)